# Féile Amharclannaíochta na Gaillimhe

Eochairfhocail: stáitse, gearrscéalta, dráma, compántas, aisteoirí, stiúrthóir

Príomhscileanna: scríobh, léamh, éisteacht

**Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:**

1.Breac síos na trí thréith de chuid an chine dhaonna a bheidh le feiceáil ar an ardán i rith Fhéile Amharclannaíochta na Gaillimhe?
2.Cad is ainm don údar a scríobh an bailiúchán gearrscéalta Scothscéalta?
3.Cad is ainm don dráma a bheidh á chur ar stáitse?
4.Cén cur síos a dhéanann Eoin Ó Dubhghaill ar na gearrscéalta ó Scothscéalta?
5.Cén aois iad na gearrscéalta anois?
6.Cén moladh a thugann Caitríona Ní Mhurchú don stiúrthóir James Riordan?
7.Cad iad an dá mhothúchán atá le brath sa charachtar Nell sa dráma, dar le hEoin Ó Dubhghaill?
8.Cé hiad na daoine gur mhaith leis an stiúrthóir a bhainfeadh taitneamh as an dráma seo?
9.Cad iad na laethanta a bheidh an dráma le feiceáil sa Taibhdhearc an tseachtain seo chugainn?
10.An bhfuil spéis agat sa drámaíocht? Cén fáth?



## Gníomhaíocht Smaointeoireachta: líon na bearnaí

**Ghairid, litríocht, é, státseirbhíseach, imithe, rugadh, aistí, Béarla, sa, ballraíocht**

________ Pádraic Ó Conaire i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1882. Cé go raibh Gaeilge ag tuismitheoirí Phádraic is cosúil gur le _________ a tógadh é. Faoin am a raibh blianta na ndéaga sroichte ag Pádraic bhí a mháthair agus a athair ________ ar shlí na fírinne agus mar sin ba ghaolta leis a thóg ansin __. D'fhreastail sé ar Choláiste na Carraige Duibhe ar feadh tamaill ________ agus bhí Éamon de Valera in aon bhliain leis ar scoil. Chuaigh sé go Londain ansin agus chaith sé cúig bliana déag ag obair ann mar____________. Chuir sé an-spéis sa litríocht le linn na tréimhse seo agus ghlac sé ____________ i gConradh na Gaeilge i gcaitheamh an ama seo chomh maith. Scríobh sé úrscéal, gearrscéalta, drámaí agus ______. Aithnítear Pádraic Ó Conaire mar dhuine de na scríbhneoirí is tábhachtaí i _________ chomhaimseartha na Gaeilge. Cailleadh é __ bhliain 1928.

## Gníomhaíocht Scríbhneoireachta:

**Lig ort gur tusa de na haisteoirí sa mhír nuachta. Tá oíche an chéad taispeántais tagtha. Déan cur síos gairid ar an gcaoi a mothaíonn tú díreach sula dtéann tú amach ar stáitse. Cabhróidh an foclóir seo a leanas leat.**

- Neirbhíseach
- Slua breá bailithe isteach
- Atmaisféar iontach
- Sceitimíneach
- De ghlanmheabhair
- Stáitse
- Mo chomhaisteoirí
- An stiúrthóir

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________


________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**Freagraí**



1. Féile, fuath agus díoltas
2.Pádraic Ó Conaire
3.Nell
4.Tá siad gearr/tarlaíonn go leor in achar an-ghearr
5.100 bliain d'aois
6.Deir sí go bhfuil an-obair déanta aige na téamaí a tharraingt amach as na scéalta
7.Náire agus aiféala
8.Daoine nár léigh saothar de chuid Phádraic Uí Chonaire riamh cheana
9.Idir Déardaoin agus an Domhnach

Rugadh Pádraic Ó Conaire i gcathair na Gaillimhe sa bhliain 1882. Cé go raibh Gaeilge ag tuismitheoirí Phádraic is cosúil gur le Béarla a tógadh é. Faoin am a raibh blianta na ndéaga sroichte ag Pádraic bhí a mháthair agus a athair imithe ar shlí na fírinne agus mar sin ba ghaolta leis a thóg ansin é. D'fhreastail sé ar Choláiste na Carraige Duibhe ar feadh tamaill ghairid agus bhí Éamon de Valera in aon bhliain leis ar scoil. Chuaigh sé go Londain ansin agus chaith sé cúig bliana déag ag obair ann mar státseirbhíseach. Chuir sé an-spéis sa litríocht le linn na tréimhse seo agus ghlac sé ballraíocht i gConradh na Gaeilge i gcaitheamh an ama seo chomh maith. Scríobh sé úrscéal, gearrscéalta, drámaí agus aistí. Aithnítear Pádraic Ó Conaire mar dhuine de na scríbhneoirí is tábhachtaí i litríocht chomhaimseartha na Gaeilge. Cailleadh é sa bhliain 1928.

